emcdda.europa.eu

ISSN 1725 – 4442

# Drugaí i bhfócas 20

Bileog faisnéise ó An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

# Ag tabhairt aghaidhe ar thiomáint faoi thionchar drugaí san Eoraip

Tarlaíonn formhór na dtimpistí agus na mbásanna ar bhóithre na hEorpa de dheasca tiománaithe a bheith faoi thionchar substaint shícighníomhach a chuireann isteach ar a gcumas feidhmíochta. Tá alcól ann féin freagrach as suas le 10 000 bás ar an mbóthar san Aontas Eorpach in aghaidh na bliana, ceathrú cuid de bhásanna bóithre ar fad. Níl aon fhigiúirí inchomparáide ar fáil le haghaidh timpistí bóthair a bhaineann le drugaí aindleathacha agus cógais shícighníomhacha, cé go bhfuil aird níos mó á tarraingt orthu sin le deich mbliana anuas. Tugann staidéir ar na héifeachtaí a bhíonn ag substaintí sícighníomhacha ar fheidhmíocht tiomána le fios gur féidir le héifeacht a bheith ag drugaí aindleathacha agus teiripeacha ar thiomáint, agus go bhféadann iarmhairtí agus fairsinge na ndrugaí sin bheith éagsúil ó shubstaint go substaint. Tugann an taighde is déanaí le fios go laghdaíonn cannabas feidhmíocht agus go ndéanann beinsidé-asaipín lagú uirthi i gcoitinne; as na substaintí óipiam, is féidir le hearóin lagú tromchúiseach a dhéanamh, cé nach bhfuil meatadón chomh holc leis, agus bíonn tionchar níos laige fós ag buprenorphine. Tá na sonraí le haghaidh drugaí spreagthacha ar nós cócaoin, amfataimíní agus eacstais níos measctha ach tugann siad le fios go mbaineann dáileoga arda le lagú. Fós féin, níl teacht go dtí seo ar bheart oibiachtúil i leith lagú gach druga, comhchosúil leis an tiúchan alcóil fola.

Tá an tsaincheist chasta a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí á hiniúchadh ag DRUID, mórthionscadal an AE ar cuireadh tús leis in 2006 agus a leanfaidh ar aghaidh go dtí 2010. Is í aidhm DRUID ná bunús maith a sholáthar le haghaidh rialachán comhchuibhithe ar fud an AE i ndáil le tiomáint faoi thionchar alcóil, drugaí agus cógais.
Go dtí sin, tugann an bhileog faisnéis um beartas seo achoimre ar na buncheisteanna atá i ndán do lucht déanta beartais agus tugtar cur síos ar fhorbairtí ar fud na hEorpa a d'fhéadfadh cabhrú le cinnteoireacht ar an ábhar.

**Tá bearta riachtanach chun caillteanas saoil a laghdú trí bheith ag tiomáint faoi thionchar na substaintí sícighníomhacha atá bunaithe ar thuiscint eolaíoch ar an bhfeiniméan casta seo. Is é an dúshlán atá ag lucht déanta reachtaíochta, ná dlíthe iontaofa agus éifeachtacha a chur le chéile arbh fhéidir a chur i bhfeidhm, agus a thugann teachtaireacht shoiléir don phobal.**

**Wolfgang Götz,**
**Stiúrthóir EMCDDA**

## Sainmhíniú

**Ag tiomáint faoi thionchar:** Ag brath ar dhlíthe na tíre, d'fhéadfadh é seo tagairt a dhéanamh do thiománaí le: laghdú tomhaiste de scileanna cognaíocha nó síceamótracha, ríogacht; nó níos mó ná méid sainithe druga san fhuil, ar dócha go mbeadh éifeachtaí dá leithéid ag an druga ag an leibhéal sin; nó rian ar bith de dhrugaí san fhuil.

## Sracfhéachaint ar na buncheisteanna

1. Tarraingítear aird ghéar na meán ar thuairiscí d'eachtraí tiomána faoi thionchar drugaí. Ach, níl mórán tíortha ina bhfuil staidrimh iontaofa acu i gcás leitheadúlacht tiomána faoi thionchar drugaí.
2. Leis na sonraí atá ar fáil, tá sé deacair teacht ar fhianaise eolaíoch iontaofa um éifeachtaí iompair, leitheadúlacht agus riosca timpiste. Tá samplaí beaga i gceist le go leor de na staidéir agus bíonn sé deacair go minic ginearálú a dhéanamh óna dtorthaí.
3. Ag léiriú na díospóireachta eolaíoch faoi éifeachtaí beachta na substaintí, bíonn sainmhíniú dlíthiúil an chiona i leith tiomáint faoi thionchar drugaí éagsúil go maith i measc Ballstáit an AE.
4. Is féidir le cógais shícighníomhacha éagsúla, arbh fhéidir nó nárbh fhéidir iad a ordú nó a thógáil go dlíthiúil, scileanna tiomána a lagú.
5. Faoi láthair, bíonn deacracht faoi leith ag gardaí tiománaithe faoi thionchar drugaí a aithint go cruinn agus gasta ar thaobh an bhóthair.
6. Tá comhartha ceiste os cionn éifeachtacht na bhfeachtas faisnéise chun tiomáint faoi thionchar drugaí a chosc. Ní chloiseann na daoine a bhfuil an bhaint is mó ag an scéal seo leo an teachtaireacht, nó b'fhéidir nach bhfuil siad ag tabhairt aon aird uirthi.

## 1. Ní dhéantar staidéar ar fhairsinge na tiomána faoi thionchar drugaí i go leor tíortha Eorpacha

Ní sholáthraíonn staidéir ar leitheadúlacht drugaí i measc tiománaithe a foilsíodh idir 1999 agus 2007 ach sonraí le haghaidh 13 de 27 Ballstát an AE chomh maith leis an Iorua.

Tá suirbhéanna randamacha ar thaobh an bhóthair, ar féidir pictiúr ionadaíoch a thabhairt den daonra tiomána iomlán, ar fáil maidir le trí Bhallstát an AE agus an Iorua. Soláthraíonn suirbhéanna eile sonraí ar úsáid drugaí i measc fo-thacair ar leith de thiománaithe. Cé nár bhreathnaigh roinnt staidéir ach ar thiománaithe a raibh baint acu le timpistí marfacha, bhreathnaigh cuid eile acu ar ghrúpaí samplacha de thiománaithe gortaithe, tiománaithe marbha, tiománaithe bainteach i dtimpistí, agus tiománaithe a mbíonn amhras fúthu go bhfuil siad ag tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí. Mar sin féin, níl torthaí na staidéar éagsúla seo inchomparáide ar bhonn eolaíoch.

Go ginearálta, is é cannabas an tsubstaint aindleathach is mó a aimsítear, agus is iad beinsidé-asaipín na cógais shícighníomhacha is mó a tuairiscíodh. Ar an iomlán, léiríonn an fhianaise leitheadúlacht i bhfad níos airde de dhrugaí aindleathacha agus ar oideas, go minic i dteannta le halcól, i measc tiománaithe páirteach i dtimpistí nó a mbíonn amhras fúthu go bhfuil siad ag tiomáint faoi thionchar drugaí nó alcóil.

Ar an iomlán, tá faisnéis fós gann in ainneoin an mholta a rinne sainghrúpa oibre an Choimisiúin Eorpaigh in 2002 ar dhrugaí, cógais agus tiomáint gur chóir go ndéanfaí tástáil ar gach tiománaí a bhíonn bainteach i dtimpiste marfach le haghaidh úsáid alcóil agus drugaí.

## 2. Constaicí ar an bhforbairt d'fhaisnéis eolaíoch

Tá níos mó ná 30 staidéar ar leitheadúlacht drugaí i measc tiománaithe bainte amach ar fud na hEorpa ó 1999 i leith. Mar sin féin, tá na staidéir seo tar éis modhanna éagsúla a úsáid agus thóg siad samplaí ó ghrúpaí éagsúla tiománaithe, agus bíonn sé deacair conclúidí foriomlána a dhéanamh dá bharr.

Tá líonta éagsúla daoine ar rinneadh sampláil orthu i gceist, idir ghrúpaí le níos lú ná 50 agus os cionn 10 000, agus níos mó ná trian de na staidéir ag tuairisciú ar níos lú ná 500 duine aonair.

D'fhéadfadh reachtaíocht nó beartais náisiúnta srian a chur ar scóip agus inchomparáideacht staidéar leitheadúlachta. Mar shampla, ní cheadaítear tástálacha randamacha ar thaobh an bhóthair i bhformhór na dtíortha. I roinnt tíortha, ní dhéantar tástálacha ach le haghaidh drugaí aindleathacha, agus ní féidir leitheadúlacht na gcógas sícighníomhach a aimsiú.

D'fhéadfadh tástáil dhearfach le haghaidh alcóil aon riachtanas ar thástáil drugaí a shárú, agus tús áite ag dul do shrianta acmhainne agus riachtanais ionchúisimh thar aon riachtanas maidir leis an mbailiú de shonraí cuimsitheach. Seo mar a bhí an cás sa Danmhairg, san Eastóin, in Éirinn agus sa Phortaingéil. Chinntigh athrú ar an gCód Bóithre náisiúnta go raibh staidéar SAM na Fraince indéanta, ceann de na staidéir is forleithne ar an ábhar le blianta beaga anuas, a chuir iallach ar ghardaí gach tiománaí a thástáil le haghaidh drugaí, i gcúinsí sainithe.

Cuireadh treoir idirnáisiúnta nua le chéile le haghaidh dearaidh staidéir a chaighdeánú le cabhair ó EMCDDA agus Ard-Stiúrthóir Iompair an Choimisiúin Eorpaigh. Tugtar aird ar dhifríochtaí idir beartais reachtaíochta agus tástála tíortha, a sholáthraíonn níos mó ná céad moladh atá fo-roinnte i réimsí amhail iompar, eipidéimeolaíocht, agus tocsaineolaíocht.

## 3. Cá háit chun an líne — nó na línte a tharraingt?

Glacann formhór de thíortha na hEorpa le ceann amháin de dhá chur chuige maidir le cion na tiomána faoi thionchar drugaí a shainmhíniú. Ní dhéanann ach aon tír déag pionós a ghearradh ar thiomáint lagaithe, cibé an gcruthaítear é de bharr cógais nó drugaí aindleathacha. Tá aon tír déag tar éis glacadh le beartas 'neamhfhulaingthe', ag gearradh pionóis ar aon tiomáint tar éis drugaí a thógáil. I seacht dtír, tagann an dá chur chuige seo le chéile mar fhreagairt chisealta ar chiontóirí a thiomáineann faoi thionchar drugaí.

Ní dhéanann roinnt tíortha 'neamhfhulaingthe' aon idirdhealú idir chógais shícighníomhacha agus drugaí aindleathacha, ach déanann roinnt tíortha eile áfach. San Fhionlainn agus sa tSualainn, glacadh le dlíthe neamhfhulaingthe nua le haghaidh drugaí aindleathacha tar éis a fuarthas amach go raibh sé an-deacair cion na tiomána lagaithe a chruthú. Sa Chipir, tugtar aghaidh ar an bhfadhb seo trí thiománaithe dá leithéid a ionchúiseamh le haghaidh drugaí mídhleathacha a thógáil. Mar sin féin, cuireann an Bheilg agus an Ríocht Aontaithe cosc ar leith ar úsáid toraidh tástála le haghaidh tiomáint faoi thionchar drugaí mar fhianaise le haghaidh aon chion eile.

Is féidir fianaise de dhrugaí a thógáil a aimsiú i samplaí bitheolaíochta difriúla, lena n-áirítear fuil, mún, seile, allas agus gruaig fiú. Is í fuil an mhaitrís idéalach le haghaidh cruthúnas dlíthiúil, ach tá scagadh ar thaobh an bhóthair níos inmhianaithe trí leacht béil (seile). Is féidir leibhéil tairseacha a shocrú ag teorainn aimsithe níos ísle, nó ag leibhéil ina mbeifí ag súil le lagú. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil éifeacht lagaithe ag brath ar dháileog ag roinnt drugaí, lena n-áirítear cannabas agus substaintí óipiam, ní hé sin an cás le roinnt eile ar nós amfataimíní. Cuireann fulaingt agus idirghníomhaíochtaí le halcól nó drugaí eile casadh níos déine ar na háirimh. Sa Fhrainc, gearrtar pionós níos airde ar thiománaithe a thógann drugaí agus alcól i dteannta a chéile.

## 4. Ag freagairt ar chógais shícighníomhacha

Uaireanta bíonn éifeachtaí suntasacha ag cógais shícighníomhacha, ar nós pianmhúcháin (substaintí óipiam), támhacháin (beinsidé-asaipín), frithdhúlagráin agus frith-hiostaimíní ar inniúlachtaí na dtiománaithe. Tugann torthaí ó staidéir le fios go mb'fhéidir go bhfuil tiománaithe ag úsáid na drugaí seo cibé le haghaidh cúiseanna leighis tar éis oidis, nó iad a mhí-úsáid, uaireanta i dteannta le substaintí aindleathacha. Tá imní ag méadú chomh maith maidir le tionchar féideartha na n-uimhreacha méadaitheacha d'úsáideoirí drugaí a fhaigheann cóireáil ionadaíoch óipiam.

Gearrann dlíthe i bhformhór na dtíortha pionós ar lagú ó aon druga, cibé aindleathach nó leigheas. Sa Fhrainc, san Ostair agus sa Phortaingéil, níl roinnt cógas sícighníomhaca ar nós substaintí óipiam clúdaithe faoi na dlíthe a bhaineann le bheith ag tiomáint faoi thionchar drugaí, cé go mb'fhéidir go bhfuil siad clúdaithe ag cion ginearálta ar nós tiomáint dainséarach. I gcodarsnacht leis sin

gearrann dlíthe i bPoblacht na Seice, san Eastóin, sa Pholainn, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic pionós ar thiomáint le haon rian de shubstaint, fiú más leigheas atá i gceist. Tá seacht dtír (an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Laitvia, Lucsamburg, an tSlóvaic agus an Fhionlainn) tar éis córas dhá chéim a ghlacadh a ghearrann pionós ar aon rian de shubstaint aindleathach le fíneáil neamhchoiriúil nó ar leibhéal coiriúlachta níos ísle, ach gearrann sé pionós níos déine ar lagú de dheasca aon substainte. Sa Laitvia, tabhóidh lagú ag substaint leighis fíneáil níos ísle ná aon rian de shubstaint aindleathach. San Fhionlainn agus sa tSualainn d'fhéadfadh tiománaithe a fhaightear le leigheasanna, díolúine a fháil más féidir leo oideas leighis a sholáthar, cé gur féidir iad a chúiseamh fós má dhéantar an breithiúnas go raibh a gcuid tiomána lagaithe.

## 5. Ag tástáil don tiomáint faoi thionchar drugaí

Tar éis tiománaí a stopadh, d'fhéadfadh garda scagadh tosaigh a dhéanamh le haghaidh úsáid drugaí trí anailís a dhéanamh ar iompar nó ar shamplaí bitheolaíochta. I mí Feabhra 2002, mhol sainghrúpa oibre an Choimisiúin Eorpaigh ar dhrugaí, cógais agus ar thiomáint go bhfaigheann na Gardaí a bhfuil baint acu le rialú tráchta oiliúint éigeantach chun na comharthaí a bhaineann le lagú de dheasca drugaí a aithint. B'fhéidir go n-áirítear sna tástálacha seo, mar shampla, scrúdú ar mhéid na mac imrisc, tástálacha comhordaithe, tástálacha iompair, ar fhrithghníomhuithe agus ar bhealach labhartha. Fós féin faoi 2007, níor thuairiscigh ach ceithre thír de chuid an AE (an Bheilg, an Phortaingéil, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe) oiliúint éigeantach sa réimse seo le haghaidh gardaí tráchta, fad a thuairiscigh 11 cinn roinnt oiliúna ad hoc. Thairis sin, níl na tástálacha mar an gcéanna i ngach tír.

D'fhéadfadh leacht béil (seile) a bheith inghlactha le haghaidh scagadh tiománaithe ar thaobh an bhóthair – níl mún oiriúnach chun lagú a léiriú. Mar sin féin, tá iontaofacht na bhfeistí le haghaidh tástála seile ar thaobh an bhóthair fós le deimhniú. As na naoi gcinn d'fheistí tástála seile ar an láthair a rinne tionscadal Rosita-2 an AE measúnú orthu idir 2003 agus 2005, ní féidir ceann díobh a mholadh le haghaidh scagadh tiománaithe ar thaobh an bhóthair. D'fhéadfaí teorainneacha na bhfeistí a chúiteamh méid éigin tríd an bprótacal tástála a mhionathrú. Ó 2004 i leith, úsáideann córas i Victoria, san Astráil, dhá thástáil seile i sraith ar thaobh an bhóthair chun ráta dearfach falsa íseal a fháil; beidh ionchúiseamh bunaithe ar thorthaí de dheimhniú saotharlainne ina dhiaidh sin den dara sampla. San AE, cé go n-úsáideann an Fhrainc tástálacha seile, bíonn ionchúiseamh bunaithe ar thorthaí tástála fola.

## 6. An bhfuil feachtais choiscthe éifeachtach?


Tá easpa feasachta ar thionchar na ndrugaí aindleathacha ar chumas tiomána léirithe ag suirbhéanna a rinneadh i roinnt tíortha. Léirítear chomh maith nach bhfuil a lán tiománaithe ar an eolas faoi na héifeachtaí a bhaineann le drugaí agus le halcól i dteannta a chéile. I measc tiománaithe níos aosta, bíonn easpa feasachta maidir leis na héifeachtaí a bhaineann le cógais shícighníomhacha ar thiomáint. Thairis sin, ní bhíonn go leor tiománaithe ar an eolas faoi dhlíthe a chuireann cosc ar thiomáint faoi thionchar na gcógas dá leithéid.

Táthar tar éis feachtais choiscthe a dhíríonn ar thiomáint faoi thionchar drugaí a dhéanamh in an-chuid de Bhallstáit an AE. Faightear iad seo go ginearálta mar fheachtais na n-ollmheán, a áiríonn faisnéis ar dhrugaí laistigh d'fheachtas níos leithne ag díriú ar alcól.

Níl sé dóchúil, áfach go mbíonn úsáideoirí níos sine de chógais shícighníomhacha ag éisteacht nó fiú ag tabhairt aird ar theachtaireachtaí ginearálta a shroicheann úsáideoirí óga cannabais. Sa chaoi chéanna, d'fhéadfadh sé tarlú go mbraitheann an dá ghrúpa nach mbaineann rabhaidh faoi alcól leo. Tá sé níos dóchúla go mbeidh rath ar chláir choiscthe má tá siad saincheaptha dá spriocghrúpa.

Nuair a chuirtear faisnéis shoiléir ar fáil d'othair a thógann cógais shícighníomhacha d'fhéadfadh sé cosc a chur orthu a bheith ag tiomáint agus iad faoi thionchar diúltach. Chun na críche seo, braitheann an chuid is mó de thíortha ar bhileog faisnéise na n-othar taobh istigh den phacáistiú a thugann rabhadh má bhíonn fonn codlata ar an othar. Fós féin, ní bhíonn céadfaí suibiachtúla an othair i gcónaí iontaofa nó cruinn. Ní thuairiscítear úsáid siombail nó picteagraim ar phacáiste seachtrach na gcógas a d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar chumas tiomána ach i gcúig thír.

**Is féidir tiomáint faoi thionchar drugaí a shainmhíniú mar lagú de bharr drugaí nó aon rian de dhrugaí san fhuil ('neamhfhulaingt'), agus cuireann roinnt tíortha an dá shainmhíniú le chéile i gcóras dhá-chiseal**




*Foinse:* European Legal Database on Drugs

Is sraith de bhileoga fáisnéise í ***Drugaí i bhfócas*** atá foilsithe ag An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), sa Liospóin. Foilsítear na bileoga fáisnéise go rialta sna 23 theanga oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith le hIoruais agus Tuircis. Bunteanga: Béarla. Is ceadmhach aon eolas a atáirgeadh ach an foinse a aithint.

**Chun síntiúis saor in aisce a fháil,** sonraigh do chuid riachtanas trí rphost: publications@emcdda.europa.eu

**Cais do Sodré, 1249-289 An Liospóin/Lisbon, An Phortaingéil/Portugal**
**Teil. +351 218113000 • Facs +351 218131711**
**info@emcdda.europa.eu • www.emcdda.europa.eu**

TD–AD–09–002–GA–C

## Ag tabhairt aghaidhe ar thiomáint faoi thionchar drugaí san Eoraip: Conclúidí agus ceisteanna beartais

1. **Tá sé riachtanach suirbhéanna ar leitheadílacht drugaí i measc tiománaithe a dhéanamh i ngach Ballstát de chuid an AE. Dá ndéanfaí tástáil ar gach tiománaí i dtimpiste marfach le haghaidh úsáid drugaí agus alcóil, sholáthródh sé foinse thábhachtach faisnéise chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfadhb.**
2. **Tá treoirlínte nua faoi dhearadh staidéir ar fáil a chuireann éagsúlacht na srianta dlíthiúla agus praiticiúla san áireamh sna tíortha difriúla. Tá sé mar aidhm acu inchomparáideacht a fheabhsú i measc staidéar agus d'fhéadfadh siad malartú dea-chleachtais a éascú.**
3. **Ba chóir do lucht déanta beartais breathnú ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí atá ar fáil agus freagairtí dlíthiúla á ndearadh. Ba chóir go mbeadh sé soiléir do gach geallsealbhóir agus don phobal, cén leibhéal a mheastar go bhfuil sé tar éis an dlí a shárú.**
4. **Ní mór do dhlíthe náisiúnta agus a bhforfheidhmiú cothromaíocht a bheith acu idir ábhair imní faoi shábháilteacht bhóthair a chinntiú agus riachtanais teiripeacha na ndaoine aonair.**
5. **Bíonn athbhreithniú de dhíth ar chreatlaí dlíthiúla mar, fiú le srianta na modheolaíochta tástála reatha, is féidir gnáthaimh níos éifeachtaí a bhaint amach. Agus, tá sé dóchúil go mbeidh roghanna nua ar fáil.**
6. **Ba chóir d'fheachtais choiscthe díriú ar ghrúpaí riosca agus ar shubstaintí ar leith; a bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch; agus ba chóir go ndéanfaí measúnú beacht orthu le haghaidh tionchair ar iompar agus ar dhearcaí.**

## Príomhfhoinsí

**EMCDDA (2007),** *Drugs and driving,* Selected issue, An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, Liospóin.

**EMCDDA (2008),** *Drug use, impaired driving and traffic accidents,* Insights No 8, An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, Liospóin.

**Grúpa Pompidou (2000),** *Road traffic and drugs*, Council of Europe Publishing, Strasbourg.

**Grúpa Pompidou (2004),** *Road traffic and psychoactive substances*, Council of Europe Publishing, Strasbourg.

**Laumon, B., Gadegbeku, B., Martin, J., Biecheler, M. (2005),** 'Cannabis intoxication and fatal road crashes in France: population based case-control study', *BMJ* 331, lgh. 1371.

**Walsh, J.M., Verstraete, A.G., Huestis, M.A., Mørland, J. (2008),** 'Guidelines for research on drugged driving', *Addiction* 103, lgh. 1258–68.

## Eolas gréasáin

**Cur chuigí dlíthiúla ar dhrugaí agus ar thiomáint, Forbhreathnú ábhair:**
http://eldd.emcdda.europa.eu/html.cfm/index19034EN.html

**International Council on Alcohol, Drugs and Traffic Safety (ICADTS):**
http://www.icadts.org/

**Parlaimint Victoria, An Astráil — breac-chuntas ar chlár tástála drugaí:**
http://www.parliament.vic.gov.au/research/2006DBroadsafety.pdf

**Rosita — Measúnú tástála ar thaobh an bhóthair:**
http://www.Rosita.org

**Tionscadal DRUID:**
http://www.druid-project.eu/

Oifig Foilseacháin
*Publications.europa.eu*

**FOILSITHEOIR OIFIGIÚIL:** Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach
© An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, 2009
**STIÚRTHÓIR:** Wolfgang Götz
**ÚDAR:** Brendan Hughes
**EAGARTHÓIR:** Peter Fay
**COINCHEAPADH GRAFACH:** Dutton Merryfield Ltd, An Ríocht Aontaithe
*Printed in Luxembourg*